

Bratach Ghlas i Scoil Éinne



Eochairfhocail: an timpeallacht, an bhratach ghlas, bródúil, níos glaise, coiste glas, fuinneamh in-athnuaite

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cén fáth a raibh ceiliúradh ollmhór ar siúl i Scoil Éinne, an Spidéal, an tseachtain seo?
2. Cad a rinne pobal na scoile chun an bhratach ghlas seo a fháil?
3. Cé hiad na daoine atá ar choiste glas na scoile?
4. Breac síos dhá rud a rinneadh sa scoil ar son na timpeallachta, dar le Sarah.
5. An bhfuil bratach ghlas bronnta ar do scoil féin? Má tá, cad a rinne sibh chun í a bhaint amach?




Bratach Ghlas i Scoil Éinne



Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat na habairtí seo a leanas a cheartú? Tá dhá bhotún i ngach abairt.

- Bhí ceiliúradh ollmór ag siúl i Scoil Éinne, an Spidéal, an tseachtain seo.
- Rinne pobal na scoil iarracht an méid fuinnimh a bhí á cur amú acu a laghdú.
- Tá ionadaithe ó rang éagsúla sa scoil ar an coiste glas.
- Cabhrigh gach duine lena chéile sa scoil chun an Bhratach Ghlas seo a fháil.
- Tá na muinteoirí an-bhródúil faoi na daltaí scoile.
- Tá daltaí na scoile ag iarraidh domhan níos glan agus níos glas a chruthú dúinn ar fad.



Bratach Ghlas i Scoil Éinne



Freagraí:

1. Mar bronnadh an bhratach ghlas nua uirthi
 2. Chuir siad fuinneamh in-athnuaite chun cinn ar scoil agus rinne siad laghdú ar an méid fuinnimh a bhí á chur amú acu.
 3. Ionadaithe ó ranganna éagsúla
 4. Ag úsáid níos lú fuinnimh, ag fógairt go raibh níos lú fuinnimh in úsáid acu, gach duine ag cabhrú agus fuair siad bosca bruscair oráiste do na Returns
- Bhí ceiliúradh ollmhór ar siúl i Scoil Éinne, an Spidéal, an tseachtain seo.
 - Rinne pobal na scoile iarracht an méid fuinnimh a bhí á chur amú acu a laghdú.
 - Tá ionadaithe ó ranganna éagsúla sa scoil ar an gcoiste glas.
 - Chabhraigh gach duine lena chéile sa scoil chun an Bhratach Ghlas seo a fháil.
 - Tá na múinteoirí an-bhródúil as na daltaí scoile.
 - Tá daltaí na scoile ag iarraidh domhan níos glaine agus níos glaise a chruthú dúinn ar fad.

